




# Scannán nua

*Nuacht TG4 (Leibhéal B1)*

## A: MACHNAMH

Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus pléigh na ceisteanna seo le chéile:

1. An bhfaca tú an scannán seo? Ar thaitin sé leat?
2. Cén sórt scannáin é?
3. Cé na príomhaisteoirí?
4. Cé a scríobh é?
5. Cá ndearnadh an scannánú?
6. An bhfuil aon rud eile ar eolas agat faoi?



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

aird	recording
ina measc	the nominations
dornán	last year
anuraidh	abuzz, excited
scannánaíocht	attention
taifeadadh	great number
mór le rá	handful
ar bís	shooting (of film)
na hainmniúcháin	famous
lear mór	among them, including

Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo a leanas:

- Rinne muid an \_\_\_\_\_ agus an \_\_\_\_\_ i mbaile Ghort na gCapall.
- Bhí na haisteoirí \_\_\_\_\_ chun a gcuid oibre a fheiceáil ar an scáileán mór.
- Fógrófar \_\_\_\_\_ do ghradam *The Oscars* sa bhliain nua.
- Bhí Inis Mór, Árainn agus Acaill i gContae Mhaigh Eo ar nós *Hollywood* ar feadh roinnt míonna \_\_\_\_\_.
- Tá \_\_\_\_\_ gradaim idirnáisiúnta buaite ag an scannán cheana féin.
- Tá a lán aisteoirí \_\_\_\_\_ sa scannán.
- Beidh \_\_\_\_\_ turasóirí ag tabhairt cuairte ar na hoileáin amach anseo.

2. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na nathanna thíos. Cad is brí leo?

aird na cruinne (cruinne = world)	_____
iarthar na hÉireann	_____
croílár an aicsin (croílár – heart, centre)	_____
i mbéal an phobail	_____

### C: TUISCINT

---

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachai gí ar na ráitis seo a leanas. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Tá roinnt ceantair Ghaeltachta i mbéal an phobail faoi láthair de bharr scannán nua.

Fíor

Bréagach

2. Níl aon ghradam buaite ag an scannán go dtí seo.

Fíor

Bréagach

3. Scannánaíodh an scannán i stiúideo in Hollywood.

Fíor

Bréagach

4. Tá Alanagh Ní Ghríofa an-dearfach faoin am a chaith sí ag obair leis an bhfoireann ar fad sa scannán.

Fíor

Bréagach

5. Tá an scannán ainmnithe do na gradaim *The Oscars* sa bhliain nua.

Fíor

Bréagach

6. Tá Turasóireacht Acla ag súil le go leor turasóirí an bhliain seo chugainn toisc aird an domhain a bheith ar an oileán.

Fíor

Bréagach

Féachai gí ar an mír arís le do chuid freagraí a sheiceáil.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (na briathra)

Bhí leaganacha éagsúla de na briathra seo a leanas sa mhír. Aimsigh an leagan a bhí sa mhír agus scríobh isteach é in aice leis an gcur síos cuí. Tá an chéad cheann déanta duit.

bí, tarraing, buaigh, roghnaigh, déan, bÁCáil, fógair

tá	an aimsir láithreach
	an t-ainm briathartha (a chríochnú, a bhunú srl.)
	an aidiacht bhriathartha (críochnaithe, bunaithe srl.)
	an aidiacht bhriathartha (críochnaithe, bunaithe srl.)
	an saorbhriathar san aimsir fháistineach
	an aimsir chaite
	an saorbhriathar san aimsir chaite

### 2: Cruinneas gramadaí agus feasacht chultúrtha (sloinnte)

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An mbaineann tú úsáid as an leagan Gaeilge nó as an leagan Béarla de do shloinne? Cén fáth?
2. Cad is brí le **Mac** agus cad is brí le **Ó**?
3. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Cathal Mac Suibhne. Aisling agus Seán is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu, mar sin?
4. Tá iníon amháin agus mac amháin ag Tadhg Ó Máille. Siobhán agus Colm is ainm dóibh. Cén sloinne atá orthu?
5. Pósann Deirdre Ní Chonaola fear darb ainm Conor Mac Cárthaigh. Cén sloinne pósta atá uirthi anois?
6. Pósann Sinéad Ní Cheallaigh fear darb ainm Joe Ó Gallchóir. Cén sloinne pósta atá uirthi anois?
7. Dá bpósfá, an nglacfa sloinne duine eile?

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Déan iarracht cur síos a dhéanamh ar an scannán is fearr leat nó ar an scannán is deireanaí a chonaic tú. Féach ar na habairtí agus an stór focal thíos chun cuidiú leat.

### 2: Scríobh

Scríobh léirmheas gearr ar an scannán ar labhair tú faoi sa tasc [Caint](#).

#### Cineálacha éagsúla scannán:

Scannán ficsean eolaíochta  
Scannán uafáis  
Scannán coiriúlachta  
Scannán stairiúil  
Scannán scéinséara  
Scannán beochana  
Scannán fantaisíochta  
Scannán rómánsúil  
Scannán grinn

**Struchtúir úsáideacha:**  
**Is** scannán aicsin é.  
**An** scannán Spáinneach é?  
**Sílim gur** scannán stairiúil é  
**Is dócha gur** scannán rómánsúil é.

#### Daoine a bhíonn ag plé le scannáin:

Príomhaisteoir  
Stiúrthóir  
Aisteoir cáiliúil/ mór le rá  
Réalta scannáin

**Struchtúir úsáideacha:**  
**Is é ... an** príomhaisteoir.  
**Sílim gurb í ... an** stiúrthóir.  
Tá a lán aisteoirí mór le rá ann, ina measc ...

#### Téamaí:

Cathanna agus cogadh  
Tírghrá  
Uaigneas agus coimhthíos  
Feall agus díoltas  
Caidrimh theaghlaigh  
An bás agus an chailliúint  
Grá agus dílseacht  
Teacht in aois  
Cumhacht agus caimiléireacht  
An choimhlint idir an mhaith agus an t-olc/ an duine agus an nádúr

**Struchtúir úsáideacha:**  
**Is iad** caidreamh agus cairdeas **príomhthéamaí an scannáin.**  
**Is** scannán é faoi ...

#### Ag cur tuairimí in iúl:

Thaitin sé go mór liom/ Bhí mé an-tógtha leis./ Taitníonn scannáin ghrá go mór liom.  
Níor thaitin sé liom ar chor ar bith. / Ní thaitníonn scannáin uafáis liom ar chor ar bith.  
Chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm./ Chuir sé ag machnamh mé.  
Éiríonn sé tuirsiúil tar éis tamaill.  
Bhí mé ar bís ag breathnú air.  
Éiríonn leis an scríbhneoir ...  
Teipeann ar an gclár ...

# AN SCRIPT

---

### Eimear Ní Chonaola

Anois, tá aird na cruinne tarraingthe ar iarthar na hÉireann, roinnt ceantair Ghaeltachta ina measc, leis an scannán is deireanaí ó Martin McDonagh. Tá *The Banshees of Inisherin* sna pictiúrlanna faoi láthair agus tá dornán gradaim idirnáisiúnta buaite aige cheana féin.

### Áine Lally

Bhí Inis Mór, Árainn agus Acaill i gContae Mhaigh Eo ar nós a bheadh *Hollywood* ann ar feadh roinnt míonna anuraidh. Roghnaíodh an dá cheantar faoi leith seo le scannánaíocht a dhéanamh ar scéal Martin McDonagh, *The Banshees of Inisherin*.

### Alanagh Ní Ghríofa, Oibrí ar an scannán *The Banshees of Inisherin*

Rinneamar an taifeadadh uilig<sup>1</sup> i mbaile Ghort na gCapall ansin, díreach in Árainn. Ach bhí an-chraic againn. Bhí sé iontach do mhuintir na háite, thug sé an oiread airgid agus fostaíochta don áit. Na haisteoirí mór le rá seo, leithéidí Colin Farrell agus Brendan Gleeson, agus Barry Keoghan agus Kerry Condon. Bhíodar uilig go hálainn. Bhíodar an-deas le muintir na háite. Bhácáil mo mhamó, bhácáil sí cáca donn do Brendan Gleeson agus bhí sé *delighted*.

### Áine Lally

Bhí daoine áitiúla ar an dá oileán i gcroílár an aicsin – ar chúl an cheamara agus os a chomhair. Agus, bhíodar ar bís ag iarraidh toradh a gcuid oibre a fheiceáil ar an scáileán mór le gairid.

### Lasairfhíona Ní Chonaola, Amhránaí agus aisteoir *The Banshees of Inisherin*

Sa scannán seo, bhí deis agam an dá rud a dhéanamh, a bheith ag amhránaíocht, ag canadh agus ag aisteoireacht. Agus bhí páirt agam le Colin Farrell, Brendan Gleeson, agus Pat Shortt agus Barry Keoghan. Taithí iontach!

Bhain mé féin an-taitneamh as an scannán. Tá sé barúil. Tá sé brónach. Tá rud éigint<sup>2</sup> speisialta faoi. Chuir sé fonn orainn a bheith ag machnamh faoi mhuintir an bhaile (doiléir). Stopann cairdeas – b'fhéidir gan fáth ar bith – agus tá sé daonna. Tuigfidh daoine é sin ar leibhéal.

### Áine Lally

Tá roinnt gradaim mhóra buaite ag an scannán seo ag na féilte scannán idirnáisiúnta. Anois, tá súil go mbeidh Árainn agus Acaill go mór i mbéal an phobail nuair a fhógrófar na hainmniúcháin do na *Oscars* sa mbliain<sup>3</sup> nua. Deir Turasóireacht Acla go bhfuil aird ar leith tarraingthe ar na háiteanna uilig ar an oileán ina ndearnadh scannánaíocht agus an eagraíocht dóchasach go meallfar lear mór turasóirí ar na láithreacha sin amach san earrach. Áine Lally, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> uilig = leagan canúnach de 'uile'

<sup>2</sup> éigint = leagan canúnach de 'éigin'

<sup>3</sup> Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ina suí le chéile chun plé a dhéanamh ar an scannán *The Banshees of Inisherin*. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leis na foghlaimeoirí agus ag cuidiú leo.

### B: FOCLÓIR

aird	attention
ina measc	among them, including
dornán	handful
anuraidh	last year
scannánaíocht	shooting (film)
taifeadadh	recording
mór le rá	famous
ar bís	abuzz, excited
na hainmniúcháin	na nominations
lear mór	great number

- Rinne muid an **scannánaíocht** agus an **taifeadadh** i mbaile Ghort na gCapall.
- Bhí na haisteoirí **ar bís** chun a gcuid oibre a fheiceáil ar an scáileán mór.
- Fógrófar **na hainmniúcháin** do ghradaim *The Oscars* sa bhliain nua.
- Bhí Inis Mór, Árann agus Acaill i gContae Mhaigh Eo ar nós *Hollywood* ar feadh roinnt míonna **anuraidh**.
- Tá **dornán** gradaim idirnáisiúnta buaite ag an scannán cheana féin.
- Tá a lán aisteoirí **mór le rá** sa scannán.
- Beidh **lear mór** turasóirí ag tabhairt cuairte ar na hoileáin amach anseo.

aird na cruinne (cruinne = world)

iarthar na hÉireann

croílár an aicsein (croílár – heart, centre)

i mbéal an phobail

*the attention of the world*

*the west of Ireland*

*the heart of the action*

*in the public eye*

### C: TUISCINT

1. Fíor.
2. Bréagach. Tá dornán gradaim idirnáisiúnta buaite aige.
3. Bréagach. Scannánaíodh é in iarthar na hÉireann.
4. Fíor.
5. Bréagach. Táthar ag siúl le hainmniúchán.
6. Fíor.

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (na briathra)

tá	an aimsir láithreach
a dhéanamh	an t-ainm briathartha (a chríochnú, a bhunadh srl.)
tarraingthe	an aidiacht bhriathartha (críochnaithe, bunaithe srl.)
buaite	an aidiacht bhriathartha (críochnaithe, bunaithe srl.)
fógrófar	an saorbhriathar san aimsir fháistineach
bhácáil	an aimsir chaite
roghnaíodh	an saorbhriathar san aimsir chaite

### 2: Cruinneas gramadaí (saibhreas teanga)

1. Tuairimíocht atá i gceist.
2. Mac = son / Ó = grandson, descendant
3. Aisling Nic Shuibhne agus Seán Mac Suibhne.
4. Siobhán Ní Mháille agus Colm Ó Máille.
5. Deirdre Mhic Cárthaigh. (Tabhair faoi deara nach séimhítear c ná g ar lorg Mhic ná Nic)
6. Sinéad Uí Ghallchóir.
7. Tuairimíocht atá i gceist arís.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Léigh trí na habairtí (struchtúir) agus tríd an stór focal sa tábla le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu. Tabhair cúpla nóiméad do na foghlaimeoirí a gcuid smaointe a chur i gceann a chéile leo féin ar dtús. Tabhair deis dóibh ansin plé a dhéanamh ar an scannán is deireanaí a chonaic siad nó an scannán is fearr leo a phlé. Bí ag éisteacht leis an gcomhrá agus ag cuidiú leo más gá.

### 2: Scríobh

Abair leo ansin léirmheas an-ghearr a scríobh. Ba cheart go mbeadh an léirmheas bunaithe ar na habairtí agus ar an stór focal faoi **Caint** agus ar an bplé a rinne siad ar an scannán.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil  
Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

**Lárionad  
na Gaeilge**  
Taighde, Teagasc  
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscoláiochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

